



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2023
C(2023) 7020 final

TREOIR THARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.10.2023

lena leasaítear Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na critéir mhéide le haghaidh micreaghnóthas, gnóthais bheaga, gnóthais mheánmhéide agus gnóthais mhóra nó le haghaidh micreaghrúpaí, grúpaí beaga, grúpaí meánmhéide agus grúpaí móra

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sa Teachtaireacht uaidh dar teideal *Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030* [Iomaíocht an Aontais go fadtéarmach: súil chun cinn thar 2030] ¹, leag an Coimisiún béim ar an tábhacht a bhaineann le córas rialála lena n-áirithítear go mbainfear amach na cuspóirí ar an gcostas is ísle. Dá bhrí sin, tá sé tar éis gealltanais a thabhairt iarracht úr a dhéanamh na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus é mar aidhm dheiridh aige laghdú 25 % a dhéanamh ar ualaí den sórt sin, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara.

Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le forfheidhmiú ceart agus faireachán cuí ar reachtaíocht a áirithiú. Ar an iomlán, déantar na costais a bhaineann leo a fhritháireamh de thoradh an tairbhe a eascraíonn astu, go háirithe ó thaobh faireachán ar chomhlíonadh príomhbheart beartais agus an comhlíonadh sin a áirithiú. Le ceanglais tuairiscithe, áfach, is féidir go bhforchuirtear ualaí díreireacha ar pháirtithe leasmhara, go háirithe ualaí a dhéanann difear do FBManna agus do mhicreachuideachtaí. Le himeacht ama, d'fhéadfadh oibleagáidí atá iomarcach, dúblach nó imithe i léig, minicíocht agus uainiú neamhéifeachtúil, nó modhanna bailithe neamhleora a bheith mar thoradh ar charnadh ceanglas.

Dá bhrí sin, réimse tosaíochta is ea cuíchóiriú a dhéanamh ar oibleagáidí tuairiscithe agus ualaí riaracháin a laghdú. Sa chomhthéacs sin, leis an togra déanfar oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú trí lánúsáid a bhaint as an gcumhachtú a thugtar don Choimisiún in Airteagal 3(13) de Threoir 2013/34/AE² (an Treoir Chuntasaíochta) chun coigeartú a dhéanamh, mar gheall ar éifeachtaí an bhoilscithe³, ar na critéir mhéide is infheidhme maidir leis an sainmhíniú ar mhicreaghnóthais, gnóthais bheaga, gnóthais mheánmhéide, gnóthais mhóra, micreaghrúpaí, grúpaí beaga, grúpaí meánmhéide nó grúpaí móra.

Leis an Treoir Chuntasaíochta soláthraítear an creat dlíthiúil chun ráitis airgeadais bhliantúla aonair agus chomhdhlúite a ullmhú, a chur i láthair, a fhoilsiú agus iniúchadh le haghaidh gnóthais atá bunaithe san Aontas Eorpach.

Sa Treoir Chuntasaíochta leagtar síos ceanglais maidir le cur i láthair, foilsiú agus iniúcháireacht bunaithe ar chatagóirí méide agus cineálacha gnóthas. Mar shampla, leis an Treoir Chuntasaíochta ceanglaítear go ndéanfar iniúchadh ar na ráitis airgeadais bhliantúla de chuid na n-eintiteas leasa poiblí go léir agus de chuid na ngnóthas meánmhéide agus na ngnóthas mór go léir. Ach ní cheanglaítear léi iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais bhliantúla de chuid gnóthais bheaga (cé go ceadáítear léi go gceanglóidh na Ballstáit go

¹ COM(2023)168.

² Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

³ Ní bhaineann an togra seo ach leis an sainmhíniú ar chuideachta sa Treoir Chuntasaíochta agus is é is aidhm dó leasanna infheistoirí agus creidiúnaithe i gcuideachta theoranta a chosaint agus bunú agus infheistiú trasteorann a éascú. Sainmhínítear ann idir FBManna, chuideachtaí móra agus ghrúpaí. Ní hionann é agus an sainmhíniú ar FBM a shonraítear i Moladh 2003/361, arb é is sprioc dó cuspóirí beartais is leithne ná an reachtaíocht maidir le cuntasáíocht agus seirbhísí airgeadais. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir le Faoiseamh do FBManna [cuir isteach tagairt nuair a ghlacfar í], déanfar measúnú ar leith ar na tairbhí a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar shainmhíniú FBM i Moladh 2003/361 freisin.

ndéanfaí iniúchadh tar éis breithniú a dhéanamh ar na coinníollacha sonracha agus na riachtanais de chuid cuideachtaí beaga agus de chuid úsáideoirí a gcuid ráiteas airgeadais).

An t-aicmiú a dhéantar ar ghnóthais nó grúpaí de réir na lipéad ‘micreaghnóthas’, ‘gnóthas beag’, ‘gnóthas meánmhéide’, ‘gnóthas mór’, ‘micreaghrúpa’, ‘grúpa beag’, ‘grúpa meánmhéide’ nó ‘grúpa mór’, tá sé bunaithe ar dhá chritéar de na trí chritéir mhéide a chomhlíonadh: 2 chritéar méide airgeadaíochta, is é sin ‘iomlán an chláir chomhardaithe’ agus ‘glanláimhdeachas’, agus meánlíon na bhfostaithe.

Le hAirteagal 3(13) den Treoir Chuntasaíochta ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir mhéide airgeadaíochta gach 5 bliana agus, i gcás inarb iomchuí, coigeartú a dhéanamh ar na critéir mhéide, i bhfianaise éifeachtaí an bhoilscithe de bhua gníomh tarmligthe (Airteagal 49). Is é is aidhm do choigeartuithe ar na critéir mhéide airgeadaíochta an *status quo* a choinneáil, i.e. chun cás a sheachaint ina dtiocfadh micreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga go háirithe chun bheith, de bharr boilscithe, faoi réir na gceanglas níos déine is infheidhme maidir le cuideachtaí móra.

Rinneadh athbhreithniú rialta ar chritéir mhéide airgeadaíochta na Treorach Cuntasaíochta ó glacadh Treoir 78/660/CEE ón gComhairle den chéad uair in 1978. Leis na hathbhreithnithe léiríodh an boilsciú thar na blianta agus uaireanta chuaigh siad níos faide ná sin.

Is i gcomhthéacs Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir le clásail athbhreithnithe áirithe sa reachtaíocht um thuairisciú corparáideach⁴ is déanaí a rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na tairseacha (nuair a breithníodh sonraí ó Eanáir 2013 go Nollaig 2019) agus chinn sé nár ghá athbhreithniú a dhéanamh ar na tairseacha an uair sin.

I bhfianaise threocht an bhoilscithe shuntasaigh le linn 2021 agus 2022, cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir mhéide airgeadaíochta lena gcinntear an chatagóir mhéide lena mbaineann cuideachta chun tionchar an bhoilscithe a chur san áireamh.

Limistéar geografach

Leis an Treoir, déantar na critéir maidir le méid na gcuideachtaí a ainmniú in euro. Is sa **limistéar euro** (an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn) atá sciar 75 % de chuideachtaí an Aontais.

Maidir leis na Ballstáit **lasmuigh den limistéar euro** (an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin agus an tSualainn), bheadh orthu critéir mhéide náisiúnta cuideachtaí a choigeartú ag brath ar rátaí malairte a n-airgeadraí faoi seach agus critéir na Treorach arna sloinneadh in euro á dtrasú sa dlí náisiúnta.

Maidir leis na tíortha a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin), bheadh orthu freisin, de ghnáth, breithniú a dhéanamh ar a gcritéir mhéide náisiúnta cuideachtaí a choigeartú.

Boilsciú

Le linn tréimhse 10 mbliana ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Márta 2023, shroich an boilsciú carntha leibhéal 24,3 % sa limistéar euro agus leibhéal 27,2 % in AE27⁵.

Critéir mhéide a choigeartú

⁴ COM/2021/199 final.

⁵ Foinse: Eurostat, na nithe uile, Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT), innéacs míosúil - 2015 bonn 100, (cód sonraí ar líne: PRC_HICP_MIDX).

Ina fhianaise sin, is iomchuí go ndéanfaí coigeartú 25 % ar na critéir mhéide chun tionchar an bhoilscithe a chur san áireamh mar a leanas (roimh shlánú suas):

Tairseach FBM sa Treoir Chuntasaíochta, reatha agus arna coigeartú i leith leibhéal boilscithe 25 %

			Clár comhardaithe		Glanláimhdeachas
Micrimhéide	Reatha		350 000		700 000
	Coigeartuithe		437 500		875 000
Beag (foirceann íochtarach)	Reatha		4 000 000		8 000 000
	Coigeartuithe		5 000 000		10 000 000
Beag (foirceann uachtarach)	Reatha		6 000 000		12 000 000
	Coigeartuithe		7 500 000		15 000 000
Meánmhéide/ Mórmhéide	Reatha		20 000 000		40 000 000
	Coigeartuithe		25 000 000		50 000 000

Foinse: An Coimisiún Eorpach (AS FISMA)

Is cosúil go bhfuil gá le roinnt slánaithe chun a áirithiú go mbeidh critéir mhéide le haghaidh cuideachtaí ann atá simplí agus fiúntach. Leis an slánú ba cheart an fachtóir iolraithe 2 a choinneáil arna thabhairt isteach ag an reachtóir maidir le glanláimhdeachas in aghaidh an chláir chomhardaithe iomláin. Ba cheart slánú suas a chur in oiriúint do gach critéar méide chun torthaí fóinteacha a áirithiú, ionas go dtabharfaí léiriú dílis ar an mboilsciú le slánú suas suntasach.

Cuirtear na rialacha seo a leanas maidir le slánú i bhfeidhm: (i) critéir mhicrimhéide, maidir leis an gcéad 25 000 eile cé is moite den ghlanláimhdeachas, chun an gaol a choinneáil tá glanláimhdeachas cothrom le dhá oiread an chláir chomhardaithe iomláin, (ii) beag, go dtí an chéad 100 000 eile, (iii) meánmhéide/mór, go dtí an chéad 500 000 eile.

Sa tábla thíos léirítear conas a d'fhéadfadh critéir mhéide shlánaithe a bheith mar thoradh ar choigeartú boilscithe amhail i mí an Mhárta 2023, ag léiriú dearbhluachanna agus méadú céatadáin de réir critéir mhéide reatha:

Tairseach FBM sa Treoir Chuntasaíochta, reatha agus arna coigeartú i leith leibhéal 25 % boilscithe agus arna slánú suas

			Clár comhardaithe		Glanláimhdeachas

Micrimhéide	Reatha		350 000		700 000
	Coigeartuithe		450 000		900 000
	Méadú		28,6 %		28,6 %
Beag (foirceann íochtarach)	Reatha		4 000 000		8 000 000
	Coigeartuithe		5 000 000		10 000 000
	Méadú		25,0 %		25,0 %
Beag (foirceann uachtarach)	Reatha		6 000 000		12 000 000
	Coigeartuithe		7 500 000		15 000 000
	Méadú		25,0 %		25,0 %
Meánmhéide/ Mórmhéide	Reatha		20 000 000		40 000 000
	Coigeartuithe		25 000 000		50 000 000
	Méadú		25,0 %		25,0 %

Foinse: An Coimisiún Eorpach (AS FISMA)

Mar a léirítear thuas, méadaítear na critéir mhéide ó 25,0 % go 28,6 % mar thoradh ar shlánú na dtorthaí. Tá sé sin an-ghar don ráta boilscithe atá beartaithe agus tá sé comhsheasmhach maidir le gach critéar méide. Dá bhrí sin, baintear úsáid as na critéir mhéide thuas mar bhonn fóna chun anailís a dhéanamh ar na tionchair.

Measúnú ar thionchair in AE27

Tá an anailís ar na tionchair spriocdhírithe ar oibleagáidí na mBallstát agus ar na tionchair a bhaineann leo ar chuideachtaí in AE27. Rinneadh an anailís de réir an Bhallstáit, trí leibhéal boilscithe 25,0 % a chur i bhfeidhm maidir leis na critéir náisiúnta agus na rialacha slánaithe i ngach Ballstát. Measadh go ndéanfadh na Ballstáit uile a gcritéir mhéide a choigeartú in ainneoin na saoirse a thabharfaí dóibh, agus ar an gcaoi sin go dtiocfaí ar an gcuimse is airde tionchar.

D’fheidhmigh an Coimisiún samhail chun meastachán a dhéanamh ar líon na gCuideachtaí Teoranta i mbunachar sonraí Bureau Van Dijk ORBIS⁶ a thairbheadh de nuashonrú ar na tairseacha sa Treoir Chuntasaíochta mar gheall ar an laghdú a d’fheicfidís ina gcuid

⁶ I mbunachar sonraí Bureau Van Dijk Orbis tá faisnéis i ndáil le os cionn 450 milliún fiontar ar fud an domhain agus sonraí airgeadais mionsonraithe i ndáil le thart ar 45 mhilliún fiontar nó thart ar sciar 10 % de na cuideachtaí go léir. Tá formhór na bhfiontar a bhfuil na sonraí airgeadais ar fáil ina leith lonnaithe san Eoraip.

oibleagáidí tuairiscithe agus iniúcháireachta⁷. Tá an anailís bunaithe ar Chuideachtaí Teoranta a bhfuil sonraí airgeadais ar fáil ina leith dóibh i gcás an dá chritéir méide airgeadaíochta (iomlán an chlár chomhardaithe agus glanláimhdeachas) agus a bhfuil sonraí neamhairgeadais ar fáil ina leith i gcás an mheánlín fostaithe le linn na bliana airgeadais.

An líon cuideachtaí a thairbheodh de nuashonrú ar na tairseacha sa Treoir Chuntasaíochta				
Catagóirí cuideachtaí de réir méide	Na tairseacha reatha	Na tairseacha nua	Líon na gcuideachtaí a fheicfidh laghdú ar a gceanglais tuairiscithe mar thoradh ar nuashonrú na dtairseach	
	Líon cuideachtaí	Líon cuideachtaí	Líon cuideachtaí	Céatadán
	(1)	(2)	(3)=(2)-(1) i gcás micrea-chuideachtaí, agus (3)=(1)-(2) i gcás na coda eile díobh	(4)=(3)/(1)*100
Micrimhéide	5 578 689	5 827 944	249 255	4,5 %
Beag (foirceann íochtarach)	1 336 249	1 204 003	132 246	9,9 %
Beag (foirceann uachtarach)	150 663	121 052	29 611	19,7 %
Meánmhéide	145 563	130 626	14 937	10,3 %
Mórmhéide	82 986	71 372	11 614	14,0 %
Líon na gcuideachtaí teoranta ar ina leith atá sonraí airgeadais ar fáil	7 294 150		437 663	6,0 %
Líon na gcuideachtaí teoranta ar ina leith nach bhfuil sonraí airgeadais ar fáil	11 589 670		695 402	
Líon iomlán na gcuideachtaí teoranta	18 883 820		1 133 065	

Foinse: An Coimisiún Eorpach (AS FISMA), bunaithe ar bhunachar sonraí BvD ORBIS, Arna Uaslódáil i mí Lúnasa 2023

As líon iomlán na gCuideachtaí Teoranta atá i mbunachar sonraí BvD ORBIS, is é sin thart ar 18,9 milliún, thart ar 7,3 milliún is ea líon na gcuideachtaí teoranta a sainaithníodh trí úsáid a bhaint as na critéir thuas don anailís (i.e. Cuideachtaí Teoranta gníomhacha a bhfuil sonraí airgeadais agus neamhairgeadais ar fáil ina leith). Meastar go bhfeicfeadh 6,0 % de líon na gCuideachtaí Teoranta laghdú ar a n-oibleagáidí tuairiscithe agus iniúcháireachta.

Tá an figiúr sin ina chuimse íochtair le haghaidh líon na gCuideachtaí Teoranta a thairbheodh de chreat tuairiscithe laghdaithe ó tharla nach rabhthas in ann sciar mór de na Cuideachtaí Teoranta a shainaithint mar gheall ar shonraí neamhiomlána i mbunachar sonraí BvD ORBIS i ndáil leis na critéir mhéide. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a bheith ag coinne le líon iarbhair na gcuideachtaí a thairbheodh de chreat tuairiscithe laghdaithe a bheadh níos airde ná an líon measta arb é 437 663 Chuideachta Teoranta. Ach an céatadán céanna (6,0 %) a chur i bhfeidhm maidir le líon na gcuideachtaí nach bhfuil aon sonraí airgeadais ar fáil ina leith i mbunachar sonraí BvD ORBIS, is é seo a leanas an toradh le haghaidh líon na gCuideachtaí Teoranta a thairbheodh den laghdú a sholáthraítear leis an gcreat: 1 133 065 Chuideachta Teoranta⁸.

Conclúid

I bhfianaise threocht an bhoilscithe sa limistéar euro le blianta beaga anuas, go háirithe le dhá bhliain anuas, measann an Coimisiún gur gá leasú 25 % a dhéanamh ar na critéir mhéide sa Treoir Chuntasaíochta chun coigeartú a dhéanamh i leith éifeachtaí an bhoilscithe. Leis an

⁷ Chun teacht ar anailís roimhe seo agus ar fhorbairt na modheolaíochta chun meastachán a dhéanamh ar líon na gcuideachtaí de réir thairseacha méide na Treorach Cuntasaíochta bunaithe ar shonraí ar leibhéal na gcuideachtaí agus ar bunachar sonraí BvD ORBIS, féach: [Study on the accounting regime of limited liability micro companies by CEPS in June 2019](#) [Staidéar ón Lárionad don Staidéar ar Bheartas na hEorpa (CEPS) ar na córais chuntasaíochta de chuid micreachuideachtaí teoranta i mí an Mheitheamh, 2019].

⁸ Sa mheastachán sin ní chuirtear san áireamh gurb amhlaidh gur dócha gur cuideachtaí beaga nó meánmhéide iad na cuideachtaí nach bhfuil aon sonraí airgeadais agus neamhairgeadais ar fáil ina leith i mbunachar sonraí ORBIS.

méadú sin ar na critéir mhéide ní hamháin go laghdófar raon feidhme na gceanglas maidir le cur i láthair, iniúchadh agus foilsiú le haghaidh ráitis airgeadais a leagtar amach sa Treoir Chuntasaíochta. Ach ina theannta sin laghdófar raon feidhme na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta faoin Treoir Chuntasaíochta arna leasú le Treoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach)⁹, – agus, dá réir sin, faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 (an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht)¹⁰ – le haghaidh gnóthais mhóra, gnóthais bheaga agus mheánmhéide atá liostaithe, agus le haghaidh grúpaí móra. Is éard atá i gceist leis an tionchar a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar líon na ngnóthas a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach coigilt mheasta costas aonuaire EUR 150 milliún agus costas measta bliantúil athfhillteach EUR 700 milliún¹¹.

Maidir le Doiciméid Mhíniúcháin

I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin¹², ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur ag gabháil leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. Maidir leis na coigeartuithe ar na critéir mhéide le haghaidh micreaghnóthas, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide, de bhrí nach mbaineann siad ach le figiúirí iomlán an chláir chomhardaithe agus an ghlanláimhdeachais in Airteagal 3 i míreanna (1), (2), (3), (4), (5), (6) agus (7), agus de bhrí go bhfuil siad féinmhínitheach, ní ga do na Ballstáit tuilleadh doiciméad míniúcháin a sholáthar.

⁹ Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

¹⁰ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

¹¹ Bunaítear na meastacháin sin ar mheasúnú tionchair na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach agus ar an anailís costais is tairbhe a rinneadh ar an gcéad sraith de dhréacht-Chaighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta a chuir an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Rinne an Coimisiún simpliú ar na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta, laghdaigh sé na ceanglais maidir le nochtadh agus rinne sé roinnt ceanglas maidir le nochtadh a chéimniú isteach. Ar an gcaoi sin laghdaíodh an costas a bhaineann leis na Caighdeáin Eorpacha um Thuairisciú Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm agus dá bhrí sin beidh an coigilteas costais a d'fhéadfadh a bheith ann níos ísle.

¹² IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

De réir Airteagal 49(3a) den Treoir Chuntasaíochta, ní mór don Choimisiún dul i gcomhairle le Sainghrúpa sula nglactar an gníomh.

An 27 Iúil 2023, cuireadh an dréacht-Treoir Tharmligthe seo ón gCoimisiún faoi bhráid Shainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis (E02553) ag a chruinniú. Chuathas i gcomhairle leis na saineolaithe chun ráitis a thabhairt maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe sin.

Chuir formhór na saineolaithe fáilte roimh thionscnamh an Choimisiúin maidir leis na critéir mhéide a choigeartú le haghaidh micreaghnóthas, gnóthais bheaga, gnóthais mheánmhéide agus gnóthais mhóra nó le haghaidh micreaghrúpaí, grúpaí beaga, grúpaí meánmhéide agus grúpaí móra i ndáil le boilsciú sa Treoir Chuntasaíochta, agus thacaigh siad leis an measúnú maidir leis an ngá práinneach atá le gníomhaíocht.

Chuir roinnt saineolaithe in iúl ar gá dáta cur i bhfeidhm a shonrú agus, más gá, cad í an bhliain airgeadais ónar cheart feidhm a bheith ag na critéir mhéide nua den chéad uair chun cothrom iomaíochta a áirithiú san Aontas.

Rinne an Coimisiún roinnt athruithe ar an dréachtghníomh tarmligthe mar fhreagairt ar na ráitis a thug comhaltaí an tsainghrúpa.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal freisin le linn comhairliúchán poiblí 3 seachtaine a fógraíodh an 13 Meán Fómhair 2023 ar thairseach an Aontais ‘Cloisimis uait!’ i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr. Bhí an comhairliúchán oscailte do chách. 64 ab ea an líon freagraí a fuarthas.

Thacaigh tromlach na bhfreagróirí leis an togra ón gCoimisiún. Bhí cuid acu i bhfabhar céatadán coigeartaithe níos airde, áfach, lenar cheart an t-ionchas maidir le boilsciú a mheas cheana féin, nó d'iarr cuid acu go dtabharfaí isteach coigeartú uathoibríoch os cionn tairseach boilscithe áirithe. D'iarr freagróirí eile go ndéanfaí coigeartú ar an gcritéar maidir leis an meánlíon fostaithe, go háirithe maidir leis an sainmhíniú ar chuideachtaí móra nó ar ghrúpaí móra, ar cheart a bheith socraithe ar líon 500 fostaí nó níos mó in ionad líon 250 fostaí atá ann faoi láthair. D'iarr líon beag freagróirí ar an gCoimisiún na coigeartuithe a chur i bhfeidhm cheana féin do bhlianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin.

Chuir roinnt freagróirí i gcoinne choigeartú an chritéir maidir le méid FBM toisc go lagódh sé uaillmhian na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, go háirithe maidir leis an tairseach nua do chuideachtaí móra, rud a laghdódh líon na gcuideachtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na freagraí, thángthas ar an gconclúid go dtabharfaí an rogha do na Ballstáit cead a thabhairt do chuideachtaí na critéir mhéide choigeartaithe a chur i bhfeidhm cheana féin don bhliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 3(13) den Treoir Chuntasaíochta. Leasaítear leis na tairseacha airgeadaíochta le haghaidh aicmiú cuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) go (7) agus an boilsciú, arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, á chur san áireamh. Tá na tairseacha nua sin le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ón mbliain airgeadais 2024 ar a dhéanaí, ach féadfaidh siad a roghnú chur i bhfeidhm luath a dhéanamh ar tairseacha don bhliain airgeadais 2023.

TREOIR THARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.10.2023

lena leasaítear Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na critéir mhéide le haghaidh micreaghnothas, gnóthais bheaga, gnóthais mheánmhéide agus gnóthais mhóra nó le haghaidh micreaghrúpaí, grúpaí beaga, grúpaí meánmhéide agus grúpaí móra

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle¹³ agus go háirithe Airteagal 3(13) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le ceanglais tuairiscithe i réimse na cuntasáiochta saothraítear cuspóirí éagsúla. Ní hamháin go soláthraítear faisnéis leo d'infheisteoirí sna margaí caipitil ach ina theannta sin tugtar cuntas leo ar idirbhearta roimhe seo agus feabhsaítear leo an rialachas corparáideach. Tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíontar leo na críocha chun ar beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.
- (2) I bhfianaise an bhoilscithe shuntasaigh le linn 2021 agus 2022, rinneadh athbhreithniú ar na critéir mhéide airgeadaíochta lena gcinntear an chatagóir mhéide lena mbaineann cuideachta chun tionchar an bhoilscithe a chur san áireamh.
- (3) De réir sonraí ó Eurostat, le linn tréimhse timpeall is 10 mbliana ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Márta 2023, shroich an boilsciú carntha leibhéal 24,3 % sa limistéar euro agus leibhéal 27,2 % san Aontas ar fad.
- (4) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur gá na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 3(1) go (7) de Threoir 2013/34/AE a choigeartú agus a shlánú suas faoi 25 % mar gheall ar an mboilsciú.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2013/34/AE a leasú dá réir.
- (6) Chun é a chur ar a gcumas do ghnóthais nó do ghrúpaí tairbhiú de na tairseacha coigeartaithe a luaithe is féidir, ba cheart feidhm a bheith ag na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh maidir leis na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh ar a dhéanaí. Féadfaidh na Ballstáit a cheadú do ghnóthais na forálacha sin a chur i bhfeidhm maidir leis an mbliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin.

¹³ IO L 182, 29.6.2013, lch. 19.

- (7) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis i gcomhréir le hAirteagal 49(3a) de Threoir 2013/34/AE,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2013/34/AE

Leasaítear Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE mar a leanas:

- (1) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
 - ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 450 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 900 000;’
- (2) leasaítear mír 2 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
 - ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 5 000 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 10 000 000;’
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír
‘Féadfaidh na Ballstáit tairseacha a shainiú a sháraíonn na tairseacha a shonraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír. Mar sin féin, ní sháróidh na tairseacha EUR 7 500 000 i gcás iomlán an chláir chomhardaithe agus EUR 15 000 000 i gcás an ghlanláimhdeachais.’;
- (3) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
 - ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000;’
- (4) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
 - ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000;’
- (5) leasaítear mír 5 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
 - ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 5 000 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 10 000 000;’
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
‘Féadfaidh na Ballstáit tairseacha a shainiú a sháraíonn na tairseacha a shonraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír. Mar sin féin, ní sháróidh na tairseacha EUR 7 500 000 i gcás iomlán an chláir chomhardaithe agus EUR 15 000 000 i gcás an ghlanláimhdeachais.’;
- (6) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
 - ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000;’

- (7) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):
- ‘(a) iomlán an chláir chomhardaithe: EUR 25 000 000;
 - (b) glanláimhdeachas: EUR 50 000 000;’.

Airteagal 2

Trasuí

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta atá = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh sin.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do ghnóthais na forálacha sin a chur i bhfeidhm maidir leis an mbliain airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh sin.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.10.2023

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN